View in browser

15 Iúil 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 57







## CRUINNIÚ FAOI PHLEAN FORBARTHA CHONTAE NA GAILLIMHE

Tá cruinniú ar líne á eagrú ag Cumann Forbartha Chois Fharraige, ar an Luan 19 Iúil, le plé a dhéanamh ar na leasaithe atá á moladh ag an gCumann Forbartha le cur le Dréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028. Tá roinnt leasaithe á réiteach ag an gCumann Forbartha maidir le cúrsaí tithíochta, stádas lonnaíochta an cheantair, caomhnú agus neartú teanga an phobail, deisiú bóithre, cúrsaí séarachais agus forbairt mhuilte gaoithe i gceantar Chois Fharraige. Le páirt a ghlacadh sa gcruinniú ní mhór ríomhphost a sheoladh chuig cumannforbartha@gmail.com faoin Domhnach 18 Iúil. Ar lá an chruinnithe seolfar ar ais cóip de na leasaithe chugat chomh maith leis an nasc idirlín le freastal ar an gcruinniú.

## SPAISTEOIREACHT SAMHRAIDH

Tá spaisteoireacht Samhraidh á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta agus pacáiste á thairiscint acu le tacú leis. Tá tairiscint á thabhairt do mhuintir na Gaeltachta taitneamh a bhaint as na siúlóidí Gaeltachta iontacha atá ar leic an dorais againn. Ba bhreá le Tuismitheoirí na Gaeltachta dá roinnfeadh an pobal a gcuid radharcanna ar na sléibhte, coillte 's cruacha, na gleannta, na cnoic 's portaigh mar aon le 'féinín' den teaghlach i mbun spraoi! Is féidir na grianghraif a sheoladh chuig 087 246 1685 ar WhatsApp. Le pacáiste spaisteoireachta a fháil, cláraigh

go luath anseo. Tá hataí nua Thuismitheoirí na Gaeltachta le buachan freisin!

## FOLÚNTAS LE RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA

Tá post mar Chlár Reachtaire á thairiscint ag RTÉ Raidió na Gaeltachta i gCasla. Oibríonn an Clár Reachtaire i bpáirt le meitheal léiriúcháin, teicneolaíochta agus bainistíochta le seirbhís raidió den chéad scoth a chur ar fáil don phobal éisteachta. I measc na bhfreagrachtaí a bheidh ag an gClár Reachtaire, beidh taighde, léiriú agus láithriú ar chláir agus feasacháin i réimsí éagsúla, obair iriseoireachta agus tuairisciú chomh maith le míreanna fuaime agus agallaimh a thaifeadadh sa stiúideo agus ar láithreacha seachtracha eile. Beidh solúbthacht agus uaireanta neamhrialta i gceist, an deireadh seachtaine agus laethanta saoire poiblí san áireamh. D'fhéadfadh go mbeadh taisteal i gceist ó am go chéile. Is í an Ghaeilge teanga oibre agus craoltóireachta na seirbhíse. Ní mór CV chomh maith le litir chumhdaigh a uaslódáil le cur isteach ar an bpost. Is féidir iarratas a dhéanamh anseo. Glacfar le hiarratais suas go dtí an Aoine 23 Iúil.

## GAELTACHT X

Tá sceidil seachtainiúla iontacha á reáchtáil ag Gaeltacht X le tamall anuas. An tseachtain seo, cuireadh béim ar chúrsaí ceoil agus bia. Thug daoine óga ar fud na tíre léargas dúinn ar an gceol agus bia a thaitníonn leo ó Ros a' Mhíl le Colm Seoighe go Baile Átha Cliath agus chuile áit idir eatarthu. Is féidir breathnú siar ar na físeáin ar chuntas Instagram Gaeltacht X - anseo. Chomh maith le sin, tugann Colm Seoighe ar chamchuairt muid thart timpeall an Spidéil agus rudaí le déanamh nó le feiceáil á thaispeáint aige ann - maith thú a Choilm!









## FOLÚNTAS AG RÚNDA

Tá Rúnda sa tóir ar barista. Tá Rúnda lonnaithe sa Spidéal, taobh thiar do shiopa an bhearbóra. Is buntáiste é taithí mar bharista a bheith ag iarrthóirí, chomh maith leis an nGaeilge. Le cur isteach ar an bpost seo, if féidir CV a sheoladh chuig Go n-éirí libh a chairde.

## LEABHAR NUA FOILSITHE AG GEARÓID DENVIR




Seoladh leabhar nua le Gearóid Denvir an tseachtain seo. Sheol Alan Titley an leabhar darbh ainm 'An Peann is a bhfuil ann' ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Aiste mhachnamhach faoina shaothar atá sa leabhar, bunaithe ar réimsí éagsúla de litríochta, de theanga agus de chultúr na Gaeilge. Tá an leabhar ar fáil anois ar líne agus i siopaí leabhar. Comhghairdeas a Ghearóid.

## LIOSTA TEAGMHÁLA FEIDHLÍ LINBH

An mbíonn tú ag tabhairt aire do pháistí? Ba mhaith linn cloisteáil uait má bhíonn! Tá liosta teagmhála á chur le chéile againn a bheidh úsáideach do theaghlaigh Chois Fharraige. Más mian leat go gcuirfí do chuid sonraí ann, déan teagmháil linn ag optchoisfharraige@gmail.com

## ARD-DIOPLÓMA I NGAEILGE FHEIDHMEACH AGUS AISTRIÚCHÁN

Tá cúrsa sé mhí á fhógairt ag Europus. Ard-dioplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán atá ann. Ar an gCeathrú Rua a bheas an cúrsa ar siúl ag tosú ar an 14 Deireadh Fómhair 2021. Níl aon táille i gceist leis an gcúrsa. Glacfar le hiarratais go dtí an Aoine 10 Meán Fómhair. Is féidir tuilleadh eolais a fháil anseo.



## TRAENÁIL DO THIOMÁNAITHE Á THAIRISCINT AG MUINTEARAS

Tá cúrsaí CPC do thiománaithe proifisiúnta á reáchtáil ag Muintearas Teo, i gcomhar le teagascóir cáilithe. Tá sé i gceist go mbeidh na cúrsaí traenála ar siúl i dTír an Fhia ag braith ar éileamh. Más tiománaí bus, tiománaí leoraí nó tiománaí proifisiúnta tú, agus má tá suim agat sna cúrsaí seo, déan teagmháil le Máirín ag 091 551 145.

## SCOLÁIREACHTAÍ LE BRONNADH – FÍS

Tá FÍS - cúrsa samhraidh sna healaíona traidisiúnta - á reáchtáil ag Ealaín na Gaeltachta i gcomhar le Stiúideo Cuan arís i mbliana. Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ag tairiscint scoláireachtaí do bheirt ón limistéir pleanála

teanga chun freastal ar an gcampa. Má tá tú idir 12 -17 mbliana d'aois agus suim agat sna hEalaíona Traidisiúnta, bí i dteagmháil linn le n-insint dúinn cén fáth gur mhaith leat freastal ar an gcampa iontach seo. Seol ríomhphost chuig optchoisfharraige@gmail.com Tá an cúrsa ar líne seo dírithe ar dhéagóirí idir 12-17 bliain d'aois. Leagfar béim sa gcúrsa ar scileanna sna healaíona dúchasacha a úsáid le gearrscannán a chruthú. Beidh an cúrsa ar siúl ar feadh coiscíse ón Luan 19 Iúil go dtí an Aoine 30 Iúil, chuile lá ó 9:30 r.n go 12:45 i.n Is féidir níos mó eolais a fháil ó Ealaín na Gaeltachta.









Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailer lite